

PADRAIC MAC EÓINÍN

BÁDÓIR.

Bhí an bád luchtúighthe istigh i nGaillimh ag Pádraic Mhac Eóinín as Litirhárd Bhí caiptín soithigh ann agus bhí sé ag iarraidh píolóitidhe. Bhí sé ag cainnt le Tommy Réamoinn sa tsráid af fiafruighe dhe ce bhfuighfeadh sé píolóitidhe, go Cuan An Fhóid Dhuibh a bhí sé a dul, bhí Pádhraic Mac Eóinín ag siubhal aníos an tsráid. "Seo anois an píolóitidhe is fearr i gCondae na Gaillimhe, má theigheann sé inéinfheacht leat," adeir Tommy Réamoinn le Pádhraic annsin. "Cén nós a ngabhfaidhe mé i n-éinfheacht leis," adeir Pádraic, agus bád luchtúighthe agam le tabhairt ag fear as Cloch Na Rón?" "Nach Cuma sin adeir Tommy Réamoinn," má thugann sé airgead maith dhuit as ucht dhul i n-éinfheacht leis. Cé mhéad a thiubhras tú dhó?" adeir sé leis an gcaiptín. "Trí phunt," adeir an caiptín. Bhí Ceoinín sasta agus d'imthigh sé leis. Chuaidh Ceoinín isteach sa soitheach. Nuair a bhíodar ag dul thar Ceann Bóirne chuir an caiptín Ceoinín af gabhail an tsoithigh. Bhí siad ag seoladh siar leis an Oileán Iarthach, an t-oileán is fuide siar i nÁirinn agus chonnaic Ceoinín an fairrge a dhul i n-aér, tá droch-chosmlachtag tigheacht ar an oidhche" adeir sé. "Tá fhios a'm-sa cá bhfuil poll maith ancaire" "Má tá adeir an caiptín, "téirigh ann." Leag Ceoinín ar Chaisín go gcaithidís an oidhche ann. Nuair a bhí siad ar ancaire i bpoll Chaisín thosuigh Pádraic Mhac Eóinín ag cainnt ar an oibriú a chonaic sé sa bhfairrge ag an Oileán Iarthach. "Ní oibriú fairrge a bhí ann ar chorr ar bith," adeir an caiptín, ach dhá ghrampard a bhí ag troid agus ní stopaidh siad sin go marbhuighidh ceann aca an ceann eile." D'fan siad an oidhche ar Chaisín agus ar maidin sheoladar go raibh siad ag dhul siar ó Chruach na Caoile. Bhí an dhá grampard le feiceál arís aca agus bhí ceann aca lag go leor ach ní fhacha Pádraic deire na troda. Tá poll i mbaithe an grampard agus claipín ar an bpoll. Nuair a fhosgluigeann sé an claipín tá sé i ndon deich mbarraile uisge a chur san aér. Chonaic mé féin é. Chuaidh Pádraic go Cuan An Fhóid Duibh leis an soitheach gur thóg sí a lucht ann agus thug sé abhaile arís í. Thug an Caiptín cúig phunt dó, dubhairt sé le Ceoinín nach raibh píolóitidhe ar bith ab fhearr ná é.